Parlaimint na hEorpa
2019-2024

Suí iomlánach

cor02

24.6.2020

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle
(IO L 150, 14.6.2018, lch. 1)

(seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Aibreán 2018 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite
P8_TA(2018)0180)
(COM(2014)0180 – C7-0109/2014 – 2014/0100(COD))

I gcomhréir le Riail 241 de Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa, déantar an Rialachán thuasluaite a cheartú mar a leanas:

(1) Ar leathanach 37, pointe (b) agus (c) d'Airteagal 30(5)

in ionad:

"(b) sa liosta comhábhar amháin ar an gcoinníoll:

(i) go bhfuil níos lú ná 95 % de na comhábhair thalmhaíochta de réir meáchain orgánach agus ar an gcoinníoll go bhfuil na comhábhair sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach sa Rialachán seo; agus

(ii) go gcomhlíonann an bia próiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach i bpointe 1.5, i bpointe 2.1(a), i bpointe 2.1(b) agus i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II agus na rialacha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);

(c) sa tuairisc díolacháin agus sa liosta comhábhar ar an gcoinníoll:

(i) gur táirge ón bhfiach nó ón iascaireacht é an príomh-chomhábhar;

(ii) go mbaineann an téarma dá dtagraítear i mír 1 sa tuairisc díolacháin go soiléir le comhábhar eile atá orgánach agus atá éagsúil ón bpríomh-chomhábhar;

(iii) go bhfuil na comhábhair thalmhaíochta eile go léir orgánach; agus

(iv) go gcomhlíonann an bia pointe 1.5, pointe 2.1(a), pointe 2.1(b) agus pointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II agus na rialacha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3).",

léitear:

"(b) sa liosta comhábhar amháin ar an gcoinníoll:

(i) go bhfuil níos lú ná 95 % de na comhábhair thalmhaíochta de réir meáchain orgánach agus ar an gcoinníoll go bhfuil na comhábhair sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach sa Rialachán seo; agus

(ii) go gcomhlíonann an bia próiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i bpointí 1.5, 2.1(a), 2.1(b) agus 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, cé is moite de na rialacha maidir le húsáid shrianta comhábhar talmhaíochta neamhorgánach a leagtar amach i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, agus na rialacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);

(c) sa tuairisc díolacháin agus sa liosta comhábhar ar an gcoinníoll:

(i) gur táirge ón bhfiach nó ón iascaireacht é an príomh-chomhábhar;

(ii) go mbaineann an téarma dá dtagraítear i mír 1 sa tuairisc díolacháin go soiléir le comhábhar eile atá orgánach agus atá éagsúil ón bpríomh-chomhábhar;

(iii) go bhfuil na comhábhair thalmhaíochta eile go léir orgánach; agus

(iv) go gcomhlíonann an bia próiseáilte leis na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i bpointí 1.5, 2.1(a), 2.1(b) agus 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, cé is moite de na rialacha maidir le húsáid shrianta comhábhar talmhaíochta neamhorgánach a leagtar amach i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, agus na rialacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3).",

(2) Ar leathanach 38, pointe (a) d'Airteagal 30(6)

in ionad:

"(a) go gcomhlíonann an bheatha phróiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach i gCuid II, III agus V d'Iarscríbhinn II agus na rialacha sonracha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);",

léitear:

"(a) go gcomhlíonann an bheatha phróiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i gCodanna II, III agus V d'Iarscríbhinn II agus na rialacha sonracha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 17(3);".